An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# RÁITIS AIRGEADAIS AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

**AN CLÁR ÁBHAR**


| | Leathanach |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 2 |
| Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle | 3-9 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 10-14 |
| Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15-16 |
| Ráitís Airgeadais | 17 - 20 |
| Nótaí leis na Ráitís Airgeadais | 21-32 |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## EOLAS GINEARÁLTA

**Príomhoifigeach Cúnta:** An tUasal Paul Brady

**Comhaltaí na Comhairle:**
Cathaoirleach
Leaschathaoirleach
Leaschathaoirleach
Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
Bord Oideachais Eaglais na hÉireann
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire
Foras na Gaeilge
Ibec
Comhdháil na gCeardchumann
Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Cumann Múinteoirí Éireann
Cumann Múinteoirí Éireann
Comhchoiste na mBainisteoirí do Bhainisteoirí i Meánscoileanna Deonacha
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachais)
An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse
Ainmní an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Aontas Múinteoirí Éireann
Aontas Múinteoirí Éireann

**Arna cheapadh go dtí an 28 Feabhra 2022**
An tOll. Mary O'Sullivan
An Dr Deirbhile Nic Craith
An Dr Michael Redmond
An tUasal Áine O Sullivan
Máire Ní Chiarba, Uasal
An tUasal Ed Byrne
An tUasal Fergal Kelly
An tUasal Joyce Perdue
An tUasal Suzanne Dillon (go dtí an 8 Meán Fómhair)
An tUasal Orlaith O'Connor (ón 9 Meán Fómhair)
An tUasal Anne McHugh
Edel Ní Chorráin, Uasal
An tUasal Claire McGee
An tUasal Brian Tubbert
An tUasal Michael Delargey
An tUasal Carmel Browne
An tUasal Joe McKeown
An tUasal Patricia Gordon
An Dr Finn Ó Murchú
An tUasal Geoff Browne
An tUasal Áine Lynch
An tUasal Phil Lynch
An Dr Teresa Hagan
An Dr Tim Desmond

**Banc:**
Banc na hÉireann
50-55 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 Y754

**Cuntasóirí:**
Mazars
Bloc 3, Ionad Fhearchair
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 A339

**Iniúchóirí:**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
DOI PF72

**Seoladh na Comhairle:** 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2, DO2 KH36

**Foireann ghairmiúil shinsearach:**
An tUasal John Hammond, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An tUasal Arlene Forster, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin
An tUasal Barry Slattery, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Stiúrthóirí**
**Curaclam agus Measúnú:**
An tUasal Norman Emerson (go dtí an 8 Samhain)
An Dr Jacqueline Fallon
An Dr Derek Grant (ón 1 Meitheamh)
An tUasal Ben Murray
Elaine Ní Neachtain, Uasal
An tUasal Evelyn O'Connor (Gníomhach ón 1 Meitheamh)
An tUasal Aoife Rush (ón 4 Feabhra)
An Dr Patrick Sullivan

**Suíomh Gréasáin:** www.ncca.ie

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi Acht Oideachais, 1998. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in Alt VII den Acht. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus Scileanna agus í freagrach as rialachas maith a chinntiú. Tugann an Chomhairle faoin tasc sin ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach príomhréimse dá cuid oibre.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus tá orthu a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM.

### Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach obair agus freagrachtaí na Comhairle san Acht Oideachais, 1998 (Alt VII), agus sa sceideal a ghabhann leis. Is iad seo a leanas na cúrsaí a ndéanann an Chomhairle amháin cinntí ar a son:

- gach sonraíocht churaclaim agus measúnachta agus creata curaclaim a fhaomhadh
- treoracha agus straitéisí beartais a fhaomhadh
- pleananna straitéiseacha agus pleananna oibre bliantúla a fhaomhadh
- tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh
- cáipéisí comhairliúcháin a fhaomhadh
- na conarthaí a bhronntar ar fiú €50,000 nó níos mó iad a fhaomhadh
- beartais bainistíochta riosca a fhaomhadh
- Buanorduithe a fhaomhadh.

Tá na míreanna seo a leanas i measc na mbuanmhíreanna a ndéanann an Chomhairle breithniú ar a son:

- dearbhú leasanna
- tuairiscí ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- tuairiscí ó fhochoistí na Comhairle.

Cuirtear tuairiscí airgeadais agus bainistíochta le chéile agus déanann an Chomhairle breithniú orthu ar bhonn ráithiúil. Déantar an Plean Oibre agus an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phlean Oibre a bhreithniú go bliantúil. Déantar cúrsaí forchoimeádta a bhreithniú nuair a thagann siad chun cinn.

Ceanglaítear ar an gComhairle faoi Alt VII (46) den Acht Oideachais, 1998, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sí agus ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sí a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Ceanglaítear ar CNCM na rudaí seo a leanas a dhéanamh nuair atáthar ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais cuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach sa chás go bhfuil sé míchuí le toimhdiú go leanfaidh sí a bheith i bhfeidhm;
- agus a dhearbhú cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta maith uair ar bith, agus a chuireann ar chumas na Comhairle a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt VII (46) den Acht Oideachais, 1998. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Cinntíonn an Chomhairle go bhforáiltear le haghaidh iniúchadh inmheánach agus go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht air. Feidhmíonn an tIniúchóir Inmheánach neamhspleách ar an bhFeidhmeannas san obair iniúchta a dhéanann sé agus tá cearta rochtana aige ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Feidhmíonn sé laistigh den bhuiséad a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, buiséad atá mar chuid de bhuiséad CNCM dá réir. Leagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad amach don Iniúchadh Inmheánach, ag cur scála agus acmhainní CNCM san áireamh.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheasúnú ar fheidhmíocht CNCM faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil freisin.

Tá an Chomhairle freagrach as a sócmhainní a chosaint freisin, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais le haghaidh 2019 a bhreithniú agus tugtar le fios gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na beartais airgeadais riachtanacha. Tugtar deimhniú ar bhainistíocht airgeadais agus rialú inmheánach cuí laistigh de CNCM sna ráitis sin. Measann an Chomhairle go bhfuil léargas cothrom agus fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais CNCM, amhail an 31 Nollaig 2019, sna ráitis airgeadais.

### Struchtúr na Comhairle

Tá Cathaoirleach amháin, beirt Leas-Cathaoirleach agus 22 gnáthchomhalta ar an gComhairle, agus ceapann an tAire Oideachais agus Scileanna na daoine sin uile ar bhonn ainmniúcháin a fhaightear ó cheardchumainn múinteoirí, boird bainistíochta, eagraíochtaí tuismitheoirí, tionscail agus eagraíochtaí eile.

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D., ar an 10 Aibreán 2019, gur ceapadh Comhairle nua ar feadh téarma trí bliana go dtí an 28 Feabhra 2022. Tháinig téarma na Comhairle roimhe sin chun críche ar an 31 Nollaig 2018. Buaileann an Chomhairle le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth. Reáchtáladh cúig chruinniú in 2019, mar nár reáchtáladh cruinniú ar bith le linn mhíonna tosaigh 2019 nuair a bhíothas ar feitheamh cheapadh na Comhairle nua.

Leagtar amach an tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha sa tábla lastall:

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

**Comhaltaí na Comhairle 2019**

| Ainm | An Eagraíocht Ainmnithe (nuair is infheidhme) | An Dáta ar Ceapadh i dtosach é nó í | An Dáta (na dátaí) ar Athcheapadh é nó í |
|---|---|---|---|
| An tOll. Mary O'Sullivan Cathaoirleach | An tAire Oideachais agus Scileanna | 1 Bealtaine 2019 | |
| An Dr Deirbhile Nic Craith, Leas-Chathaoirleach | Cumann Múinteoirí Éireann | 13 Meitheamh 2010 | 25 Meitheamh 2015<br>1 Márta 2019 (mar Leas-Chathaoirleach) |
| An Dr Michael Redmond Leaschathaoirleach | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Aibreán 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Áine O Sullivan | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Ed Byrne | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 18 Aibreán 2019 | |
| Máire Ní Chiarba Uas. | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Fergal Kelly | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Joyce Perdue | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Suzanne Dillon | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 25 Meán Fómhair 2016 | 1 Meán Fómhair 2019 (D'éirigh as an 8 Meán Fómhair 2019) |
| An tUasal Orlaith O'Connor | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 9 Meán Fómhair 2019 | |
| An tUasal Anne McHugh | Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire | 1 Márta 2019 | |
| Edel Ní Chorráin, Uasal | Foras na Gaeilge | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Claire McGee | Ibec | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Brian Tubbert | Comhdháil na gCeardchumann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Michael Delargey | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | 1 Aibreán 2010 | 25 Meitheamh 2015<br>1 Márta 2019 |
| An tUasal Carmel Browne | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Joe McKeown | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Patricia Gordon | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Márta 2019 | |
| An Dr Finn Ó Murchú | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Áine Lynch | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Geoff Browne | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachais) | 1 Márta 2019 | |
| An Dr Teresa Hagan | Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna | 1 Márta 2019 | |
| An tUasal Phil Lynch | Ainmní an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1 Márta 2019 | |
| An Dr Tim Desmond | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 6 Samhain 2017 | 1 Márta 2019 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tUasal David Duffy | Aontas Múinteoirí Éireann | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2019 |
| An tUasal Liz Farrell | Aontas Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Bhunaigh an Chomhairle dhá choiste, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Rialachais. Leagtar amach na freagrachtaí a tharmligeann an Chomhairle ar na fochoistí sin ina dTéarmaí Tagartha.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta neamhspleách amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. D'fhóin an comhalta seachtrach mar chathaoirleach ar an gCoiste in 2019. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle faoina freagrachtaí maidir le ceisteanna riosca, rialaithe, rialachais agus an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Reáchtáladh ocht gcruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcaitheamh 2019.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtí an 7 Aibreán 2019: Etain Doyle, an Cathaoirleach, Áine Lynch, Don Myers, Maria Spring agus David Leahy. Bhuail an grúpa seo le chéile cúig huaire in 2019.

Ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua ar an 20 Meitheamh 2019 agus Etain Doyle, an Cathaoirleach, Geoff Browne, Teresa Hagan, Anne McHugh agus Joe McKeown, ina gcomhaltaí air. Bhuail an grúpa seo le chéile trí huaire in 2019.

**An Coiste Rialachais**

Tá triúr comhaltaí de chuid na Comhairle ar an gCoiste Rialachais. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle maidir le ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, mar aon le dea-chleachtas a ghlacadh i leith an rialachais.

Ba iad comhaltaí an choiste sin Deirbhile Nic Craith (an Cathaoirleach), Michael Redmond agus Michael Delargey go dtí an 20 Meitheamh 2019.

Ceapadh Coiste Rialachais nua ar an 20 Meitheamh 2019 ar a bhfuil Deirbhile Nic Craith (an Cathaoirleach), Michael Delargey, Áine Lynch agus Áine O'Sullivan.

Níor bhuail an Coiste Rialachais le chéile in 2019 mar thoradh ar dheacrachtaí a bhí acu an córam a bhaint amach, ach bhí siad in ann gach gnó riachtanach a eagrú i gcomhfhreagras ríomhphoist agus ag cruinniú amháin nach raibh córam aige.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

### Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal de thinreamh ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus na gCoistí in 2019 agus áirítear leis na costais a fuair gach comhalta. Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus na gCoistí táillí as a bheith rannpháirteach sa Chomhairle:

| Ainm | Líon Cruinnithe de chuid na Comhairle (5) | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (8) | Costais (níor íocadh aon táillí le comhaltaí na Comhairle)[1] |
|---|---|---|---|
| An tOll. Mary O'Sullivan | 4 | 1 | €1,563.13 |
| An Dr Deirbhile Nic Craith | 5 | | €97.46 |
| An Dr Michael Redmond | 3 | | |
| An tUasal Áine O Sullivan | 3 | | |
| An tUasal Ed Byrne | 5 | | €223.13 |
| Máire Ní Chiarba Uas. | 5 | | €3,932.40 |
| An tUasal Fergal Kelly | 4 | | €67.19 |
| An tUasal Joyce Perdue | 5 | | €92.91 |
| An tUasal Suzanne Dillon | 2 | | |
| An tUasal Orlaith O'Connor | 3 | | |
| An tUasal Anne McHugh | 4 | 2 | 6590.85[2] |
| Edel Ní Chorráin, Uasal | 4 | | |
| An tUasal Claire McGee | 4 | | |
| An tUasal Brian Tubbert | 5 | | €91.72 |
| An tUasal Michael Delargey | 3 | | €370.01 |
| An tUasal Carmel Browne | 4 | | €865.57 |
| An tUasal Joe McKeown | 5 | 2 | €129.28 |
| An tUasal Patricia Gordon | 5 | | |
| An Dr Finn Ó Murchú | 3 | | €393.44 |
| An tUasal Áine Lynch | 4 | 5 | |
| An tUasal Geoff Browne | 3 | 1 | €1,385.53 |
| An Dr Teresa Hagan | 4 | 3 | |
| An tUasal Phil Lynch | 4 | | €75.34 |
| An Dr Tim Desmond | 2 | | |
| An tUasal David Duffy | 5 | | |
| An tUasal Liz Farrell | 5 | | |
| Etain Doyle (Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus | | 8 | |
| Don Myers (An Coiste | | | €l,014.33[3] |
| Maria Spring (An Coiste | | 5 | |
| David Leahy (An Coiste | | 2 | E708.65[2] |
| Iomlán | | | €11,600.94 |

'Baineann na costais uile a shonraítear le taistil intíre agus ní bhaineann siad le freastal ag cruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach. D'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d'iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

[2] Íoctha leis an mBord Oideachais agus Oiliúna ábhartha ar a son.

[3] Íoctha i leith cruinnithe ar ar freastalaíodh in 2018

[4] D'éirigh as a bheith ina gcomhaltaí Comhairle ar an 31 Nollaig 2019 ach d'fhan ina mbaill den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca go dtí an 7 Bealtaine, 2020.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

### Príomhathruithe Pearsanra

I measc na n-athruithe a tháinig ar an bhFeidhmeannas bhí ceapachán Aoife Rush ar an 4 Feabhra 2019 sa phost Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnú, le freagrachtaí as oideachas iar-bhunscoile, agus ceapachán Derek Grant ar an 1 Meitheamh 2019 sa phost Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnú le freagrachtaí san oideachas luath-óige agus oideachas bunscoile. Ar an 8 Meitheamh, 2019, ceapadh Evelyn O'Connor ina Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnú, i gcáil ghníomhach le freagrachtaí as oideachas iar-bhunscoile. D'éirigh Norman Emerson as a phost mar Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnú, le freagrachtaí ar leith as measúnú iar-bhunscoile, ar an 8 Samhain, 2019. Áiríodh an triúr Oifigeach Oideachais breise a cuireadh leis an bhfoireann agus scor Oifigigh Cléireachais agus an duine a fostaíodh in ionad an Oifigigh sin sna hathruithe eile a tháinig ar an bhfoireann ar iasacht/ar conradh.

### Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a áirithiú gur chomhlíon CNCM ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

#### *Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma a fhaigheann Fostaithe*

Tá sochair ghearrthéarma fostaithe níos mó ná €60,000 san áireamh i nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

#### *Caiteachas ar thaisteal agus ar chothú*

Nochtar caiteachas a thabhaítear ar thaisteal agus caiteachas don fhoireann agus don Chomhairle i nóta 4 agus nóta 5 leis na ráitis airgeadais faoi seach.

#### *Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla*

Ní raibh aon chostais ná socraíochtaí dlíthiúla ag CNCM in 2019 de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tabhaíodh táillí dlí €2,750.86 (2018: €15,545.63) le haghaidh comhairle ghinearálta ar cheisteanna AD agus ceisteanna maidir le cóipcheart íomhánna agus grianghraf chun míreanna measúnaithe a chruthú don tSraith Shóisearach.

#### *Costais Chomhairliúcháin*

Áirítear costais a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta i gcostais chomhairliúcháin agus ní áirítear na feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a cuireadh amach ar conradh in 2019, agus tabhaíodh iad le haghaidh comhairle ghinearálta.

***Táillí gairmiúla agus comhairliúcháin***

| | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla eile | 56,779 | 52,842 |
| Táille iniúchta | 14,000 | 13,000 |
| Comhairliúchán (taighde a coimisiúnaíodh le haghaidh obair | | |
| | 807.873 | 470,096 |
| **Iomlán** | | |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

***Caiteachas Fáilteachais***

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar costais fáilteachais a rangú mar chostais Inmheánacha (imeachtaí foirne, scoir, srl.) agus mar chostais Sheachtracha (cainteoirí comhdhála a thagann ar cuairt, cruinnithe le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta comhionanna, srl.):

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Inmheánach | 1,657 | 2,709 |
| Seachtrach | 3,511 | 3,937 |
| **Iomlán** | **5.168** | **6.646** |

**An Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle sna príomhréimsí chun an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Leanfar ar aghaidh ag obair ar ghnéithe áirithe den Chód Cleachtais san fhorbairt, athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanfar ar bheartais sa tréimhse amach romhainn. Cuireadh obair ar na rialuithe slándála TF agus na rialuithe Cibearshlándála agus ar bheartais agus nósanna imeachta nua agus leathnaithe a leabú don rialú inmheánach i gcrích in 2019. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an mBeartas Cosanta Sonraí, a faomhadh i mí an Mheithimh 2018. Bhain an obair sin leis an obair leanúnach atá ar bun faoi láthair ar chomhaontuithe comhroinnte sonraí le tríú páirtithe agus obair ar chibearshlándáil le haghaidh sonraí pearsanta ar líne go háirithe. Tugadh tús áite d’oiliúint foirne maidir le soláthar agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí in 2019 freisin. Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus CNCM, agus clúdaítear cúrsaí rialachais, feidhmíochta, maoinithe agus caidrimh tuairiscithe ann. Maidir le forálacha an Chóid nár cheart d’aon chomhalta Boird Stáit breis agus dhá théarma iomlána ceapacháin a fhónamh ar an mBord sin, nó nár cheart dó/di ceapacháin a bheith aige/aici ar bhreis agus dhá Bhord Stáit, ag an am céanna, tá cleachtas seanbhunaithe ann nach mbaineann na forálacha seo le CNCM nuair a ainmníonn eagraíochtaí ball foirne ag a bhfuil freagrachtaí díreacha i réimsí forbartha curaclaim agus beartais churaclaim ina eagraíocht féin, agus, dá bharr sin, daoine a rachadh a saineolas chun tairbhe gach duine ábhartha sa chomhthéacs sin.

Cuirfidh an Chomhairle féinmheasúnú ar a héifeachtacht, lena n-áirítear suirbhé a éascóidh eagraíocht neamhspleách, i gcrích in 2020. Thosaigh an Chomhairle ag cur i bhfeidhm thorthaí na n-athbhreithnithe, 2018 tar éis athbhreithniú níos leithne ar na próisis le haghaidh forbairt curaclaim agus giniúint comhairle um beartas curaclaim a úsáidtear i dtíortha eile, agus athbhreithniú ar choiste athbhreithnithe agus struchtúir forbartha athbhreithnithe CNCM a tugadh isteach in 2012.

**Thar ceann na Comhairle**

**An tUasal John Hammond**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An tOll. Mary O’Sullivan**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 28 Meán Fómhair 2020

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Raon na Freagrachta

Aithním, thar ceann na Comhairle Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), freagracht na Comhairle le háirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an Chomhairle na ceanglais atá uirthi faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh, leabaíodh agus forfheidhmíodh an córas rialaithe inmheánaigh le cuidiú le hobair agus rialachas corparáideach na heagraíochta a bhainistiú go caighdeán cuí. Dearadh é le rioscaí a bhainistiú go leibhéal atá cuibheasach ach ní féidir leis deireadh iomlán a chur le rioscaí. I mbeagán focal, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta, agus ní absalóideach, a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbheartaí údaraithe agus taifead cuí orthu, agus go ndéantar aon earráid ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a aimsiú go tráthúil agus a leasú/a bhainistiú ansin.

### CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh

Tugann an Chomhairle faoina hobair ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach réimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Cloíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus áirithíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM. Oibríonn an fhoireann bainistíochta ansin le foireann Stiúrthóirí (Curaclam agus Measúnú) agus le foirne earnála ar a bhfuil Oifigigh Oideachais agus an Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha chun an Plean Straitéiseach agus Plean Oibre Bliantúil na Comhairle a chur i bhfeidhm, agus iad ag obair laistigh de na rialuithe a leagtar amach chun obair na heagraíochta a bhainistiú agus cáilíocht obair na Comhairle a chinntiú.

Cuireann CNCM comhairle ar fáil don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. Forbraítear an chomhairle sin trí Thaighde, Comhairliúchán, Machnamh agus Líonrú. Tá córais rialaithe cáilíochta i bhfeidhm chun an chomhairle sin a fhorbairt:

- neartaíonn fianaise thaighde, cleachtadh maith agus taithí idirnáisiúnta an chomhairle sin
- bíonn an chomhairle sin bunaithe ar na cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle lena Boird agus Meithleacha Forbartha
- bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luathóige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle
- tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luathóige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá á bhforbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar an bhfoghlaim agus an teagasc agus ar obair an scoláire ar fáil.

Cuidíonn siad sin uile le háirithiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le cáilíocht na comhairle curaclaim agus measúnachta atá i gcroílár obair na Comhairle.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM a scaiptear ar an bhfoireann. Áirítear leo sin beartais ar airgeadas, Acmhainní Daonna, soláthar agus bainistiú riosca. Tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, atá ceangailte le socruithe bainistíochta líne, i bhfeidhm don fhoireann agus tá foráil le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach mar chuid de.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh *{ar leanúint)*

Tá CNCM á mhaoiniú go príomha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an Chomhairle freagrach as an bPlean Oibre bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus leithdháiltear agus caitear cistí de réir thosaíochtaí na Comhairle. Ullmhaíonn an gnólacht cuntasaíochta Mazars ráitis airgeadais bhliantúla na Comhairle agus iad faoi réir iniúchadh seachtrach a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugann an Chomhairle faoi athbhreithniú éifeachtachta ar bhonn rialta.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag CNCM don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

### Rialú inmheánach agus an cumas riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CNCM ar a bhfuil ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. D'fhóin an comhalta seachtrach mar chathaoirleach ar an gCoiste in 2019. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht na heagraíochta. Go háirithe, féachann an Coiste lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ocht n-uaire in 2019.

Bhunaigh CNCM feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cuirtear an obair a bhaineann leis an iniúchadh inmheánach amach ar conradh agus ba é Crowleys DFK a rinne athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha agus a thuairiscigh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2019.

Tarraingíodh aird ar neart gnéithe dearfacha de thimpeallacht rialaithe inmheánaigh CNCM sa tuarascáil *Review of the System of Internal Control, 2019*, a réitigh Crowleys DFK. Níor tuairiscíodh aon torthaí ardriosca, a bhféadfadh go mbeadh caillteanas airgeadais ábhartha nó cur isteach feidhmeach ar CNCM mar thoradh orthu, san athbhreithniú. Fuarthas amach mar chuid den tuarascáil go bhfeidhmíonn an chuid ba mhó de na rialuithe a ndearnadh tástáil orthu ar bhealach éifeachtach agus gur féidir deimhniú réasúnta a chur ar leordhóthanacht agus feidhmiú na rialuithe inmheánacha chun príomhrioscaí a mhaolú agus/nó a bhainistiú. Moladh roinnt gnéithe rialaithe nach mór aird a thabhairt orthu in 2020 sa tuarascáil, lena n-áirítear nósanna imeachta níos fearr chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthróirí a fhaigheann íocaíochtaí bliantúla atá níos mó ná €5,000 le cinntiú go gcomhlíonann na bearta sin treoirlínte maidir le hairgead poiblí, nósanna imeachta feabhsaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar shócmhainní seasta agus nósanna imeachta níos fearr chun monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha párolla agus íocaíochtaí taistil agus cothabhála. D'admhaigh Crowleys DFK go dteastódh acmhainní breise, Acmhainní Daonna den chuid is mó, le háirithiú go bhforfheidhmítear na rialuithe atá i bhfeidhm ina n-iomlán.

Táthar ag dul i ngleic le moltaí na tuarascála sa chomhthéacs sin faoi láthair agus réiteofar na hábhair a tháinig chun cinn inti in 2020.

Réiteoidh CNCM aon fhadhbanna a aimsíodh san iniúchadh seachtrach freisin agus cinnteofar nach dtarlóidh siad arís. Déanfaidh lucht bainistíochta CNCM monatóireacht ghéar ar na cúrsaí seo agus déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar an obair leantach a bhaineann leis na míreanna a tháinig chun cinn ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a dhul chun cinn.

Cuirtear acmhainní ar fáil don iniúchadh inmheánach, mar is gá, i bhfianaise an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíocht agus méid na heagraíochta tríd is tríd.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá beartas bainistíochta riosca ag an gComhairle lena n-áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus sonraí ar róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá clár riosca i bhfeidhm ar a n-aithnítear nádúr na rioscaí do CNCM agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an lucht bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár riosca a athbhreithniú agus monatóireacht ar an mbainistíocht riosca ag gach cruinniú agus ar bhonn ráithiúil ar a laghad. Tá bainistíocht riosca ina hábhar ar chlár oibre chruinnithe na Comhairle freisin. Úsáidtear torthaí an athbhreithnithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal cuí.

Roinntear na freagrachtaí idir an fhoireann uile sa bheartas agus i nósanna bainistíochta riosca, lena n-áirítear an Comhordaitheoir Riosca, an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Fhoireann Stiúrtha, Foireann na Seirbhísí Corparáideacha agus na hOifigigh Oideachais. Eisíodh an beartas don fhoireann uile agus táthar ag súil go n-oibreodh sí laistigh de bheartais bainistíochta riosca CNCM agus an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon rioscaí nó laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Iarrfar ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht bheartas agus nósanna imeachta bainistíochta riosca CNCM a chur san áireamh mar chuid dá Phlean Iniúchta le haghaidh 2020.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú ar an gclár riosca agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhall foirne ar leith ann freisin. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh gach ceann de na príomhphróisis ghnó a dhoiciméadú
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhréire
- tá córas buiséadaithe feidhmeach ann agus buiséad bliantúil aige a leagtar amach i bPlean Oibre bliantúil CNCM, agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm air mar is cuí
- tá córais ann agus á bhforbairt a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- rinneadh na córais atá ann chun sócmhainní a chosaint a nuashonrú agus tá clár inchuardaithe sócmhainní agus conarthaí mar chuid de na córais sin agus sannadh na freagrachtaí áirithe
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtrach, trí Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a úsáid, rialú sásúil ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deontaithe d’fhonn a áirithiú gur úsáideadh an maoiniú deontais don chuspóir dar bronnadh é.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh, agus don Lucht Bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a ghabhann leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aimsíodh
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i measc na bhfoirne earnála, foirne tionscadal sonrach agus fhoireann na seirbhísí corparáideacha áit a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta cheana féin
- tugtar faoi athbhreithnithe rialta ag cruinnithe den fhoireann bainistíochta ar fheidhmíocht ráithiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, ina sonraítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamh-mheastachán, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí a thagann chun cinn ó thuarascáil na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Tuarastail agus Pá

Íoctar baill foirne CNCM trí na córais phárolla arna reáchtáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), agus Boird Oideachais agus Oiliúna áirithe (BOO) mar seo a leanas:

- Íocann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP), atá mar chuid de ONSC, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, státseirbhísigh bhunaithe agus roinnt ball foirne ar conradh.
- Íocann Párolla Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoileanna ROS baill foirne ar iasacht ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Íocann an BOO ábhartha fós baill foirne ar iasacht ó na BOOanna.

Íocann CNCM go díreach as obair arna coimisiúnú ag speisialtóirí ábhair agus daoine eile le cabhair ó sholáthraí seirbhíse párolla (Smith and Williamson).

Baintear amach deimhniú maidir leis na rialuithe gaolmhara atá i bhfeidhm trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach in CNCM agus na heagrais ghaolmhara. Tá Comhaontú Bainistíochta Seirbhísí Fostaithe, Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm le ONSC.

### Soláthar

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a áirithiú. Tá Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don tréimhse 2018–2021.

Bhí trí chás de sholáthar neamhchomhlíontach ann in 2019 agus is iad seo sonraí na gcásanna sin:

- Tabhaíodh caiteachas €61,664 maidir le córas bainistíochta aistriúcháin ar ghá é a choinneáil i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais reatha agus leanúnacha aistriúcháin ar bhonn éifeachtach, éifeachtúil agus inniúil ó thaobh na teanga de. Cuireadh an obair seo amach ar conradh in 2019 agus cuireadh moill leis an bpróiseas mar thoradh ar agóid a rinne tairgeoir nár éirigh leis an conradh a fháil. Cuireadh an próiseas i gcrích, i ndiaidh comhairle dlí a fháil, agus bronnadh conradh i mí Feabhra 2020.
- Tabhaíodh caiteachas €7,380 maidir le cothabháil ar Chruthaitheoir Cártaí Tuairisce le haghaidh bunscoileanna. Baineann an caiteachas sin le táillí bliantúla do néalstóráil cártaí tuairisce scoile saincheaptha, gnáthchothabháil ar an gCruthaitheoir Cártaí Tuairisce, nuashonruithe bogearraí, óstáil agus tacaíocht theicniúil a cuireadh ar fáil do CNCM. Cuireadh an conradh bunaidh amach ar tairiscint agus síníodh é ansin mar thoradh ar an ngá a bhí ann leis na bogearraí dílsithe, feidhmiú na mbogearraí sin agus na seirbhísí a bhaineann leo a chothabháil agus le cinntiú go mbeadh ábhair oideachais ar fáil do scoileanna.
- Tabhaíodh caiteachas €32,981 maidir le conradh glantacháin ar cuireadh síneadh leis. Cuireadh an obair amach ar tairiscint arís i mí na Nollag 2019 agus bronnadh conradh i mí an Mhárta 2020.

Nochtadh na sáruithe seo sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach an bhliain roimhe seo.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú rioscaí. Tá an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, an t-iniúchóir seachtrach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an fhoireann ardbhainistíochta in CNCM atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, mar bhuntaca leis an monatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann CNCM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na torthaí ar athbhreithniú inmheánach agus thuairiscigh siad na torthaí ar a athbhreithniú don Chomhairle le machnamh a dhéanamh orthu.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019. Bhí an t-athbhreithniú a rinne an Coiste mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin.

Chuir an Coiste Iniúchta agus Riosca an t-athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha i gcrích ar an 11 Márta, 2020 agus d'fhaomh an Chomhairle trí ríomhphost an Ráiteas ar Rialú Inmheánach thar an tréimhse an 18 go dtí an 30 Márta de réir an nóis imeachta atá le leanúint nuair a theastaíonn cinntí go heisceachtúil idir cruinnithe den Chomhairle. Bhí an Chomhairle chun machnamh a dhéanamh ar an athbhreithniú agus ráitis ar an 19 Márta a cuireadh ar ceal de réir comhairle um shláinte phoiblí mar gheall ar Phaindéim COVID-19. Nótáladh faomhadh an Ráitis ar Rialú Inmheánach ina dhiaidh sin i miontuairiscí an chruinnithe a tionóladh go cianda ar an 7 Bealtaine, 2019.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Seachas na fadhbanna soláthair a nochtadh, níor aimsíodh aon laige eile sa rialú inmheánach in 2019 a chaithfear a nochtadh sna ráitis airgeadais.

---

**An tOll. Mary O'Sullivan**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 28 Meán Fómhair 2020

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 de réir mar is gá faoi alt 46 den Acht Oideachais 1998. Is é atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta ag an 31 Nollaig 2019 agus ar a hioncam agus caiteachas le haghaidh 2019 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### *Bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (CII) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gComhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus cuí chun bunús a sholáthar le haghaidh mo thuairime.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhar leis na ráitis airgeadais. Is é atá i gceist leis seo an ráiteas ar rialú agus tuarascáil chomhaltaí na Comhairle agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le faisnéis mar seo, agus ar nithe áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní agam le tuairisciú ina leith sin.

**Orla Duane**
**Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann**

**30 Meán Fómhair 2020**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle

Mar a shonraítear sa ráiteas ar rialú agus i dTuarascáil chomhaltaí na Comhairle, tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 46 den Acht Oideachais 1998,
- ag cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102,
- ag cinntiú rialtacht idirghníomhaíochtaí, ag measúnú cibé an bhfuil úsáid an bhunúis cuntasaíochta gnóthas leantach iomchuí, agus
- cibé rialuithe inmheánacha a chinneann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó ráiteas neamhchruinn, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ní mór dom faoi Alt 46 den Acht Oideachais 1998 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag déanamh an iniúchta deimhniú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid.
Is leibhéal ard deimhnithe é deimhniú réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIIanna i gcónaí ráiteas neamhchruinn ábhartha nuair is ann dó.
Is féidir le ráitis mhíchruinne teacht chun cinn ó chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más ea, ina n-aonar nó i gcomhiomlán, gurbh fhéidir a bheith ag súil go n-imreodh siad tionchar ar chinntí úsáideoirí a dhéantar ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIIanna, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé á dhéanamh seo,

- sainaithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le ráiteas míchruinn na ráiteas airgeadais bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid; dearaim agus cuirim de láimh nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le haghaidh mo thuairime.
  Tá an riosca a bhaineann le gan ráiteas míchruinn ábhartha de thoradh ar chalaois a aimsiú níos airde ná an riosca a bhaineann le ceann de thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna tosca, ach ní le haghaidh an chuspóra tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus a réasúnta atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Tagaim ar thátal maidir le chomh cuí atá úsáid an bhunúis cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a fhéadfaidh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe mar seo uireasach, mo thuairim a mhodhnú.Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. Ach féadfaidh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta stad de bheith ina gnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhaineann amach cur i láthair cothrom.

  Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht orthu as rialú maidir le, i meas nithe eile, raon agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus tátail shuntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easpa shuntasach i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon fhoirm de thátal maidir le deimhniú ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ní mór dom, faoi na CIIanna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar shlí eile go bhfuil ráiteas míchruinn ábhartha déanta faoi.
Más ea, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim de thátal go bhfuil ráiteas míchruinn ar an bhfaisnéis seo nó eile, ní mór dom an fhíric seo a thuairisciú.

### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a bhaineann d'eagrais Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár baineadh feidhm as airgead poiblí le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin d'eisceacht más ea, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí uaim do m'iniúchadh, nó
- murar leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar is ceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTE IONCAIM CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais na Roinne Oideachais agus Scileanna agus ioncam eile | **3** | 7,064,278 | 6,213,802 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | **11** | 1,180 | 7,391 |
| Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir | **7** | 109,900 | 70,700 |
| | | 7,175,358 | 6,291,893 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | **4** | 4,586,583 | 4,282,209 |
| Costais Riaracháin agus Tionscadail | **5** | 2,387,330 | 2,200,714 |
| | | 6,973,913 | 6,482,923 |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | 201,445 | (191,030) |
| **Cistí ioncaim choinnithe ar an 1 Eanáir** | | (49,755) | 141,275 |
| **Cistí ioncaim choinnithe ar an 31 Nollaig** | | 151,690 | (49,755) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí airgid agus nótaí 1 go 15.

**Thar ceann na Comhairle**

*John Hammond*

**An tUasal John Hammond**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An tOll. Mary O'Sullivan, Cathaoirleach**

**Dáta:** 28 Meán Fómhair 2020

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| Barrachas/(easnamh) don bhliain | **Nótaí** | **€** | **€** |
|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar dhliteanais | | 201,445 | (191,030) |
| pinsin Coigeartú ar shócmhainn mhaoinithe phinsin iarchurtha | 7(d) | 99,400 | (1,000) |
| | 7(c) | (99,400) | 1,000 |
| Barrachas/(easnamh) iomlán cuimsitheach don bhliain | | 201,445 | (191,030) |

**2019** **2018**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí airgid agus nótaí 1 go 15.

**Thar ceann na Comhairle**

*John Hammond*

**An tUasal John Hammond**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An tOll. Mary O'Sullivan**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 28 Meán Fómhair 2020

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

**RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019**

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Maoin, gléasra agus trealamh | **8** | 110,492 | 111,672 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 302,390 | 97,359 |
| Infháltais agus réamhíocaíochtaí | **9** | 72,106 | 183,204 |
| | | 374,496 | 280,563 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Iníoctha agus fabhruithe | **10** | (222,806) | (330,318) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA/(DLITEANAIS)** | | 151,690 | (49,755) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 262,182 | 61,917 |
| **SOCHAIR SCOIR** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | **7(c)** | (247,700) | (237,200) |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | **7(c)** | 247,700 | 237,200 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **262,182** | **61,917** |
| **ARNA LÉIRIÚ AG:** | | | |
| Cuntas caipitil | **11** | 110,492 | 111,672 |
| Cistí ioncaim choinnithe | | 151,690 | (49,755) |
| | | **262,182** | **61,917** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí airgid agus nótaí 1 go 15.

**Thar ceann na Comhairle**

*John Hammond*

**An tUasal John Hammond**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An tOll. Mary O'Sullivan**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 28 Meán Fómhair 2020

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE SREAFAÍ AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| | | 201,445 | (191,030) |
| | **5** | 57,489 | 61,218 |
| Barrachas/(easnamh) Oibriúcháin don bhliain | | | |
| | **11** | (1,180) | (7,391) |
| Dímheas | | | |
| | **9** | 111,098 | (68,893) |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | | | |
| | **10** | (107,512) | (48,863) |
| Laghdú/(méadú) in infháltais | | | |
| Laghdú in iníoctha | | | |
| | | 261,340 | (254,959) |
| Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | | |
| | | (56,309) | (53,827) |
| **Sreabhadh airgeadais ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **8** | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | | 205,031 | (308,786) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 97,359 | 406,145 |
| | | 302,390 | 97,359 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig | | 205,031 | (308,786) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | | |

## 1. NÓTA CÚLRA AR CNCM

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an 12 Iúil 2001 faoi Alt 39 den Acht Oideachais, 1998. Is é sainchúram na Comhairle, mar a leagtar amach san Acht Oideachais, comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Is struchtúr ionadaíoch í an Chomhairle, agus cinneann an tAire Oideachais agus Scileanna ballraíocht na Comhairle. Is ainmnithe de chuid na gcomhpháirtithe san oideachas, leasa tionsclaíocha agus ceardchumainn, eagraíochtaí tuismitheoirí agus ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus Scileanna agus an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige araon a chuimsíonn an Chomhairle ina bhfuil 25 comhalta. Ceapann an tAire an Cathaoirleach.

## 2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos na beartais chuntasaíochta shuntasacha a chuirtear i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ar gach bliain a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

### 2.1 Bunús le hUllmhúchán

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá Infheidhme sa RA agus Poblacht na hÉireann" ("CTA102") mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhunús fabhruithe na cuntasaíochta de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais na Comhairle i láthair in Euro ("€"), arb é airgeadra feidhmeach na Comhairle.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, tá breithiúnais, meastacháin agus toimhdí déanta ag lucht na bainistíochta a imríonn tionchar ar fheidhmiú bheartais chuntasaíochta na n-aonán agus na méideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas. Féadfaidh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin seo. Déantar meastacháin agus toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin go hionchasach.

### 2.2 Deontais Oireachtais

Déantar cuntas i leith deontais ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ioncam eile ar bhonn fáltas airgid.

Aistrítear deontais Stáit le haghaidh caiteachas caipitil (lena n-áirítear deontais le haghaidh cuspóirí athfhillteacha a úsáidtear chun trealamh a cheannach agus mionoibreacha) to dtí an Cuntas Caipitil sa bhliain a dtabhaítear an caiteachas agus cuirtear iad de shochar ioncaim thar shaolré úsáideach measta na sócmhainní gaolmhara.

**2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA** ***{ar leanúint)***

**2.3 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha.

Tugtar dímheas ar bhonn líne dírí ag rátaí a mheastar chun na sócmhainní a laghdú go luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolré úsáideach a bhfuiltear ag súil leis mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Troscán Oifige | 10% |

**2.4 Airgeadraí Iasachta**

Déantar idirbhearta in airgeadraí seachas Euro a thaifeadadh ag an ráta atá i réim ar dháta an idirbhirt nó ag ráta ar conradh. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíocha a aistriú go Euro ag an dáta tuairiscithe nó ag ráta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe.

**2.5 Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cúlchiste Caipitil an sciar gan amúchadh d'ioncam a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh cuspóirí caipitil. Déantar sócmhainní inláimhsithe a mhaoiniú ó ioncam reatha. Aistrítear an maoiniú seo go dtí an cuntas caipitil, a amúchtar de réir dímheas sócmhainní inláimhsithe. Déantar an glanmhaoiniú a aistrítear go dtí an cuntas caipitil agus amúchadh gaolmhar a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**2.6 Sochair Scoir**

Is baill iad na státseirbhísigh bhunaithe atá fostaithe ag CNCM de scéim sochair shainithe atá neamh-mhaoinithe agus atá á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is baill de scéimeanna pinsin a máthairfhostóirí iad na daoine sin a cheaptar ar iasacht go CNCM.

Feidhmíonn CNCM freisin an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), ar scéim le sochar sainithe í do shearbhóntaí poiblí inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir, 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, ní aithníonn na ráitis airgeadais costais agus dliteanais phinsin i dtaca le CNCM.

**2.7 Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an Léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá méaduithe cíosa ann nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuil súil leis, agus má tharlaíonn sin aithnítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

**2.8 Sochair fostaithe**

Aithnítear sochair ghearrthéarma, leithéid pá saoire, mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair a charntar ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| **IONCAM** | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|
| Deontais na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) | | |
| Fo-cheannteideal A11.1 | 6,892,363 | 5,946,651 |
| Lúide: Ranníocaíochtaí fostaithe curtha chuig RCPA | (22,808) | (5,865) |
| | 6,869,555 | 5,940,786 |
| Ioncam Eile | | |
| Léargas | - | 9,919 |
| Deontas Erasmus AE | 11,155 | 18,718 |
| Ciste Pobal Éire Shláintiúil | - | 43,178 |
| CIDREE | - | 28,014 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 77,666 | 68,636 |
| Ionad Oideachais Mhuineacháin | 2,983 | - |
| Aisíoc COGG le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte | 102,919 | 79,629 |
| Comhpháirtíocht Eorpach Schoolnet Colab (An Coimisiún Eorpach) | - | 24,922 |
| | 194.723 | 273,016 |
| Ioncam Iomlán | **7,064,278** | **6,213,802** |

| **COSTAIS TUARASTAIL** | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|
| Is é atá i gcostais foirne na Comhairle: | | |
| Tuarastail agus pá | 4,437,562 | 4,182,490 |
| Taisteal agus cothú - Baill Foirne: | | |
| Taisteal agus cothú - Áitiúil | 18,872 | 11,567 |
| Taisteal agus cothú - Thar Lear | 19,328 | 27,058 |
| Speansais maidir le forbairt foirne, sláinte agus sábháilteachta | 110,821 | 61,094 |
| | **4,586,583** | **4,282,209** |

| **Sochair Fostaithe Chomhiomlána** | **2019**<br>**€** | **2018**<br>**€** |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarma foirne | 4,343,764 | 4,105,409 |
| Sochair foircinn | - | - |
| Costais maidir le sochair scoir | 87,092 | 64,835 |
| Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach | 11,974 | 12,246 |
| Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach (aisíocaíochtaí) | (5,268) | - |
| | **4,437,562** | **4,182,490** |

Rinneadh asbhaintí €22,808 (2018: €5,865) ó thuarastail bhaill na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, agus íoctar le RCPA iad.

Ba é líon iomlán na mball foirne WTE a bhí fostaithe ag deireadh na bliana 43.2 (2018: 43.3).

**4. COSTAIS TUARASTAIL *(ar leanúint)***

**(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána *(ar leanúint)***

In 2018 asbhaineadh €15,407 ón bhfoireann trí asbhaint a bhaineann le pinsean (ABP) agus íocadh é leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cuireadh an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB) in ionad ABP ón 1 Eanáir 2019, mar sin ní dhearnadh aon asbhaint ABP in 2019. Baintear RAB ar bhonn difriúil le ABP mar sin ba iad na hasbhaintí le haghaidh ABP in 2019 Nialas.

Ba é figiúr chreat rialaithe fostaíochta na Comhairle do 2019 41 (2018: 37).

**Raon na sochar fostaithe iomlán**

| | | **2019 Líon** | **Líon 2018** |
|---|---|---|---|
| *Líon na bhFostaithe* | | | |
| **Ó** | **Go** | | |
| €60,000 | - €69,999 | 5 | 7 |
| €70,000 | - €79,999 | 10 | 6 |
| €80,000 | - €89,999 | 8 | 8 |
| €90,000 | - €99,999 | 5 | 7 |
| €100,000 | - €109,999 | 2 | 0 |
| €110,000 | - €119,999 | 0 | 1 |
| €120,000 | - €129,999 | 0 | 0 |
| €130,000 | - €139,999 | 0 | 1 |
| €140,000 | - €149,000 | 1 | 0 |

Chun críocha an nochta seo, i measc sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe tá tuarastal, liúntas ama breise agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach fágtar ar lár ÁSPC an fhostóra.

| **(b) Sochair Ghearrthéarma Foirne** | **2019 €** | **2018 €** |
|---|---|---|
| Bunphá | 4,343,764 | 4,105,409 |
| Ragobair | | |
| Liúntais | | |
| | **4,343,764** | **4,105,409** |

### 4. COSTAIS TUARASTAIL *(ar leanúint)*

### (c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad an príomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta comhaltaí na Comhairle, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na Leas-phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Leagtar amach thíos luach iomlán sochar foirne le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

| | **2019** **€** | **2018** **€** |
|---|---|---|
| Tuarastal | | |
| Liúntais | | 301,213 |
| Sochair foircinn | 345,885 | |
| Árachas sláinte | | |
| | **345,885** | **301,213** |

Is baill iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin de scéim neamh-mhaoinithe le sochar sainithe den earnáil phoiblí agus ní shíneann teidlíochtaí thar theidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais le sochar sainithe den earnáil phoiblí.

### (d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Ba é seo a leanas pacáiste luacha saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Bunphá | 140,898 | 132,288 |

Is ball é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin den Scéim Aoisliúntais de Státseirbhísigh Bhunaithe agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim eiseamláireach pinsin na seirbhíse poiblí. Ní chuirtear luach sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas.

Ar an 8 Bealtaine 2020, dhearbhaigh CNCM go bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, mar gheall ar earráid phárolla, liúntas "gníomhú ar leibhéal níos airde", ar chóir dó stad nuair a ceapadh é i bpost buan an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2017. Ba é an ró-íocaíocht chomhlán don tréimhse Samhain 2017 go Nollaig 2019 €8,538.06. Ba é an ró-íocaíocht ghlan don tréimhse Samhain 2017 go Nollaig 2019 €7,641.51. Rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an aisíoc €7,641.51 go díreach ar an 9 Iúil 2020. Forchúitíodh iarmhéid na ró-íocaíochta €1,732.94, don tréimhse Eanáir 2020 go Bealtaine 2020 tríd an bpárolla ar an dáta pá an 23 Iúil 2020.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

| 5. CAITEACHAS | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| **Costais Riaracháin agus Tionscadail** | | |
| ***Taighde:*** | | |
| Táillí taighde | 807,873 | 470,096 |
| Suibscríbhinní | 18,912 | 36,266 |
| Leabhair thagartha, doiciméid agus suibscríbhinní | 5,421 | 16,593 |
| Speansais chomhairliúcháin | 21,251 | 40,716 |
| ***Forbairt agus cur chun cinn curaclaim:*** | | |
| Foilseacháin agus meáin dhigiteacha | 81,657 | 71,455 |
| Fógraíocht ghinearálta, dearadh agus grianghrafadóireacht | 32,770 | 50,095 |
| Costais chomhdhála | 95,700 | 46,191 |
| Líonraí scoileanna | 191,585 | 128,037 |
| Seomraí ar cíos agus lónadóireacht, lena n-áirítear fáilteachas | 127,033 | 211,140 |
| Taisteal agus cothú: | | |
| Taisteal agus cothú - Comhaltaí den Chomhairle | 11,600 | 21,383 |
| Taisteal agus cothú coiste - Boird & Grúpaí Forbartha | 118,811 | 178,915 |
| Teicneolaíocht na Faisnéise: | | |
| Teicneolaíocht na faisnéise | 273,810 | 335,720 |
| Costais oifige agus costais ghaolmhara: | | |
| Cíos, rátaí, slándáil agus stóras | 242,736 | 204,767 |
| Trealamh oifige agus deisiúcháin agus cothabháil | 26,437 | 38,217 |
| Teileafón, postas, stáiseanóireacht | 142,040 | 142,748 |
| Solas agus teas | 27,554 | 30,327 |
| Glanadh | 33,370 | 49,211 |
| ***Táillí Gairmiúla:*** | | |
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla | 56,779 | 52,842 |
| eile, táille iniúchta | 14,000 | 13,000 |
| ***Speansais Eile:*** | | |
| Muirir bhainc | 502 | 1,777 |
| Dímheas | 57,489 | 61,218 |
| | **2,387,330** | **2,200,714** |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019**

**5. CAITEACHAS** ***{ar leanúint)***

***Miondealú ar thaisteal agus cothú - Comhaltaí den Chomhairle:***

| | | |
|---|---|---|
| An tOll. Mary O'Sullivan | 1,563 | |
| An Dr Deirbhile Nic Craith | 97 | |
| An tUasal Ed Byrne | 223 | |
| Máire Ní Chiarba Uas. | 3,932 | 8,097 |
| An tUasal Fergal Kelly | 67 | |
| An tUasal Joyce Perdue | 93 | |
| An tUasal Anne McHugh | 591 | |
| An tUasal Brian Tubbert | 92 | |
| An tUasal Michael Delargey | 370 | 759 |
| An tUasal Carmel Browne | 866 | |
| An tUasal Joe McKeown | 129 | |
| An Dr Finn Ó Murchú | 393 | |
| An tUasal Geoff Browne | 1,386 | |
| An tUasal Phil Lynch | 75 | |
| An tUasal David Leahy | 709 | 2,036 |
| An tUasal Don Myers | 1,014 | 3,535 |
| An tUasal Emma Dineen | - | 671 |
| An tUasal Patricia Harrington | - | 1,578 |
| An tUasal Declan Kelleher | - | 4,344 |
| An tUasal Avril McMonagle | - | 363 |
| | **11,600** | **21,383** |

Baineann na costais uile a shonraítear le taistil intíre agus ní bhaineann siad le freastal ag cruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach. D'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d'iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

Rinneadh íocaíochtaí deontais €58,000 le scoileanna agus suíomhanna in 2019 (2018: €72,500).

Ní dhearnadh aon íocaíocht leis an bhFeidhmeannas sa bhliain le haghaidh leathanbhanda a úsáid sa bhaile ar ghnó oifigiúil (2018: €395). In 2019, níl aon taisteal thar lear san áireamh i dtaisteal agus cothú Coiste (2018: €0).

B'ionann costais fáilteachais in 2019 agus €5,168. (2018: €6,646).

**6. TÁILLÍ STIÚTHÓIRÍ AGUS TUARASTAIL AN PHRÍOMHOIFIIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN AGUS NA LEAS-PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN** ***(ar leanúint)***

Feidhmíonn comhaltaí na Comhairle i gcáil dheonach agus níor íocadh aon táillí le comhaltaí na Comhairle in 2019.

Íocadh tuarastal €140,898 leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (2018: €132,288). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais. Fuair sé costais €5,636 (2018: €6,485).

In 2019 bhí beirt i seilbh post Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

## 6. TÁILLÍ STIÚTHÓIRÍ AGUS TUARASTAIL AN PHRÍOMHOIFIIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN AGUS NA LEAS-PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN *(ar leanúint)*

Ceapadh Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 1 Márta, 2016. Ba é a tuarastal in 2019 €105,936 (2018: €101,387). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais. Fuair sí costais €1,605 ar ais (2018: €5,312).

Ceapadh Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an 22 Samhain, 2018. Ba é a thuarastal in 2019 €99,051 (2018: €8,011). Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais. Fuair sé costais €7,288 (2018: €0).

## 7. COSTAIS MAIDIR LE SOCHAIR SCOIR

Tá feidhm ag sochar sainithe maidir le foireann CNCM. Is scéimeanna le sochair shainithe iad Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse atá neamh-mhaoinithe agus atá á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Maoinítear sochair ar bhonn "íoc mar a úsáidtear" agus níl aon sócmhainní á gcoinneáil i leith dhliteanais charntha phinsin bhaill foirne CNCM a earcaítear ón Státseirbhís nó trí iasacht, agus níl aon mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Feidhmíonn CNCM freisin an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Is é an scéim seo an scéim pinsin le sochar sainithe do shearbhóntaí poiblí inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an scéim seo foráil le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair gairmréime inphinsin, agus pinsin céile agus leanaí. Is é an bhunaois phinsin 66 bliain (ag ardú de réir athruithe in aois pinsin Stáit). Áirítear leis áis le haghaidh scor luath atá laghdaithe go hachtúireach ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bhí an mhodheolaíocht mheasúnaithe a úsáideadh bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán arna dhéanamh ag achtúireach cáilithe neamhspleách, ag cur san áireamh riachtanais CTA 102 chun dliteanais na scéimeanna mar a bhí ar an 31 Nollaig 2019 a mheasúnú.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.95% | 2.00% |
| Boilsciú Praghsanna | 1.80% | 1.95% |
| Méaduithe Tuarastail | 2.80% | 2.95% |
| Méaduithe ar an bPinsean Stáit | 1.80% | 1.95% |
| Méaduithe ar an bPinsean Toimhdithe | 1.80% | 1.95% |

**Ionchas saoil**

Fágann an bunús básmhaireachta go follasach go bhféadfar feabhsuithe a dhéanamh ar an ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh an t-ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a mbainfidh ball an aois scoir amach (68 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a bhaineann 68 bliain d'aois amach in 2019 agus 2039.

| **Aois a mbaintear amach 68 bliain d'aois** | **2019** | **2039** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fireann (i mblianta) | 19.2 | 21.4 |
| Ionchas saoil - baineann (i mblianta) | 21.5 | 23.4 |

### 7. COSTAIS MAIDIR LE SOCHAIR SCOIR *(ar leanúint)*

**(a) Anailís ar an méid a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | 105,300 | 67,400 |
| Ús ar dhliteanais sochair shainithe | 4,600 | 3,300 |
| Lúide: Sochair fostaithe | (22,808) | (5,865) |
| Costais sochair foircinn | | |
| | 87,092 | 64,835 |

**(b) Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha**

Aithníonn CNCM an méid seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhunús an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí seo tá an bunús reachtúil le haghaidh bhunú na Scéime, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag CNCM nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag soláthar suimeanna mar seo de réir cleachtas reatha agus ar an mbonn go ndéanann Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 foráil le haghaidh íocaíochtaí pinsin a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí amach as an gCiste Lárnach den Státchiste arna chur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin.

| (0) | Gluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| | Oibleagáid sochair scoir ghlan - an 1 Eanáir 2019 | (237,200) | (165,500) |
| | Costais seirbhíse iomláine fostaí | (105,300) | (67,400) |
| | Ús glan ar ghlandliteanas sainithe Gnóthachan/(caillteanas) | (4,600) | (3,300) |
| | achtúireach i rith na bliana Pinsin íoctha sa bhliain | 99,400 | (1,000) |
| | Oibleagáid sochair scoir ghlan mar a bhí ar an 31 Nollaig 2019. | (247,700) | (237,200) |

| (d) | Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| | Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach sa bhliain | 99,400 | (1,000) |
| | Gnóthachan/(caillteanas) taithí sa bhliain | - | z |
| | Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireach iomlán don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 | 99,400 | (1,000) |

### 8. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán Oifige € | Oifig Trealamh € | Ríomhaire Trealamh € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| 1 Eanáir 2019 | 33,978 | 12,018 | 269,093 | 315,089 |
| Breisithe | 582 | 1,300 | 54,427 | 56,309 |
| Diúscairtí | | | (34,470) | (34,470) |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2019 | 34,560 | 13,318 | 289,050 | 336,928 |
| **Dímheas** | | | | |
| 1 Eanáir 2019 | 13,329 | 10,246 | 179,842 | 203,417 |
| Muirear don tréimhse Diúscairtí | 3,052 | 546 | 53,891 | 57,489 |
| | | | (34,470) | (34,470) |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2019 | 16,381 | 10,792 | 199,263 | 226,436 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 18,179 | 2,526 | 89,787 | 110,492 |
| Ar an 31 Nollaig 2018 | 20,649 | 1,772 | 89,252 | 111,672 |

**An Bhliain Roimhe**

| | Troscán Oifige € | Trealamh Oifige € | Trealamh Ríomhaireachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| 1 Eanáir 2018 | 27,763 | 12,018 | 221,481 | 261,262 |
| Breisithe | 6,215 | | 47,612 | 53,827 |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2018 | 33,978 | 12,018 | 269,093 | 315,089 |
| **Dímheas** | | | | |
| 1 Eanáir 2018 | 10,355 | 9,657 | 122,187 | 142,199 |
| Muirear don tréimhse | 2,974 | 589 | 57,655 | 61,218 |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2018 | 13,329 | 10,246 | 179,842 | 203,417 |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2018 | 20,649 | 1,772 | 89,252 | 111,672 |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | 17,408 | 2,361 | 99,294 | 119,063 |

## 9. INFHÁLTAIS AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 72,106 | 183,204 |

## 10. INÍOCTHA AGUS FABHRUITHE

| | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 9,830 | 109,019 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,450 | 1,848 |
| ÍMAT/ÁSPC | 7,982 | 209 |
| Creidiúnaithe eile | 98 | 644 |
| Fabhruithe | 202,446 | 218,598 |
| | 222,806 | 330,318 |

## 11. CUNTAS CAIPITIL

| | 2019 € | 2019 € | 2018 € | 2018 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | 111,672 | | 119,063 |
| Cistí a leithroinntear chun sócmhainní | 56,309 | | 53,827 | |
| Amúchadh atá ag teacht le dímheas | (57,489) | | (61,218) | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | - | (1,180) | - | (7,391) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | | 110,492 | | 111,672 |

## 12. LEASANNA CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta atá ag teacht le treoirlínte a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí den Chomhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí den Chomhairle.

### 13. TIOMANTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Feidhmíonn CNCM líonra de 13 oifig ar fud an Stáit lena n-áirítear a Cheanncheathrú in 35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Tá an chuid is mó de na hoifigí ar cíos ó aonáin arna maoiniú ag an Rialtas. Tá comhaontuithe ligin ag CNCM mar seo a leanas:

- Léas 1 ar feadh 10 mbliana 10 mí ag tosú ar an 5 Iúil 2013, cíos bliantúil €80,000
- Léas 2 ar feadh 10 mbliana ag tosú ar an 1 Aibreán 2014, cíos bliantúil €50,000
- Léas 3 ar feadh 10 mbliana ag tosú ar an 1 Feabhra 2017, cíos bliantúil €23,592
- Léas 6 ar feadh 2 bhliain ag tosú ar an 1 Lúnasa 2018, cíos bliantúil €6,000
- Léas 7 ar feadh 2 bhliain ag tosú ar an 16 Eanáir 2018, cíos bliantúil €3,500
- Léas 8 ar feadh 1 bhliain amháin ag tosú ar an 7 Eanáir, 2019, cíos bliantúil €4,800.
- Léas 9 ar feadh 3 bliana amháin ag tosú ar an 1 Nollaig, 2019, cíos bliantúil €9,600.

Ar an 31 Nollaig 2019, bhí tiomantais reatha ag an gComhairle faoi léasanna oibriúcháin a bheith dlite mar seo a leanas:

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| ***Dáta éaga:*** | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 166,938 | 168,642 |
| Idir 2 bhliain agus 5 bliana | 541,935 | 617,868 |
| Tar éis níos mó ná 5 bliana | 49,150 | 111,909 |

### 14. IMEACHTAÍ TAR ÉIS AN DÁTA TUAIRISCITHE

Níl aon imeachtaí ann idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo óna dteastaíonn leasú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Chomhairle gur teagmhas suntasach é paindéim COVID-19 a tharla ó bhí an dáta tuairiscithe ann agus gur dócha go mbeidh a tionchar le mothú ar feadh tréimhse fada ama amach anseo. Tá an Chomhairle an-dáiríre faoin bpaindéim agus ag déanamh monatóireachta ar a dul chun cinn agus a tionchair, i gcomhar le lucht bainistíochta agus i dteagmháil lena máthair-roinn, an Roinn Oideachais agus Scileanna, ar bhonn leanúnach. Leanann obair CNCM ar aghaidh le bearta i bhfeidhm chun baill foirne agus páirtithe leasmhara a chosaint. Tá baill foirne ag obair go cianda, agus tá seirbhísí fós á gcur ar fáil. Go dáta tá na hoibríochtaí agus an chuid is mó de ghníomhaíochtaí na Comhairle á gcoinneáil ar bun, a fhad is go bhfuiltear i dtaithí ar an mbealach difriúil ina bhfuil obair CNCM á cur i gcrích. Cé nach féidir le CNCM tionchar COVID-19 ar a sreafaí airgid a thuar go hiontaofa, tá monatóireacht ghéar á déanamh ar fheidhmíocht agus oibríochtaí na Comhairle agus tá maoiniú chun riar ar chostais leanúnacha foirne agus oibríochtúla fós á chur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Gnóthas leantach** - Measann an Chomhairle, de bhrí go gcuireann sí seirbhís phoiblí ar fáil atá maoinithe beagnach go hiomlán le hairgead arna chur ar fáil ag an Státchiste, tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

### 15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar an 30 Márta 2020.